# CINNEADH (AE) 2021/1798 ÓN gCOMHAIRLE

## an 7 Deireadh Fómhair 2021

## lena gcuirtear síneadh le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 54(3) go (5) de,

Ag gníomhú di mar an t-údarás a bhfuil an chumhacht aige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol a cheapadh,

Ag féachaint don togra ó Bhord Bainistíochta Europol an 15 Márta 2021,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceapadh Catherine DE BOLLE mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol le Cinneadh ón gComhairle an 8 Márta 2018 ([2]). Rachaidh téarma oifige Catherine DE BOLLE in éag an 1 Bealtaine 2022.

(2) Ceaptar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol ar feadh tréimhse ceithre bliana, tréimhse ar féidir síneadh a chur léi uair amháin i gcomhréir le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) 2016/794.

(3) Le cinneadh Bhord Bainistíochta Europol an 1 Bealtaine 2017, leagtar amach an nós imeachta maidir le síneadh a chur le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol.

(4) Chuir an Bord Bainistíochta in iúl do Pharlaimint na hEorpa go molfadh sé don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Catherine DE BOLLE.

(5) Mhol an Bord Bainistíochta don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol, Catherine DE BOLLE.

(6) Ar bhonn an togra sin, is mian leis an gComhairle síneadh a chur le téarma oifige Catherine DE BOLLE mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo cuirtear síneadh le téarma oifige Catherine DE BOLLE mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Europol ón 2 Bealtaine 2022 go dtí an 1 Bealtaine 2026 ag grád AD 16.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 7 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. DIKAUČIČ

([1]) IO L 135, 24.5.2016, lch. 53.
([2]) IO C 122, 9.4.2018, lch. 1.